# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta[1]

## Bunús na gcuntas

Ullmhaítear cuntais leithreasa, lena dtaispeántar idirbhearta airgeadais Ranna Rialtais[2], de réir an *Exchequer and Audit Departments Act*, 1866 (arna leasú le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993) agus de réir rialacha agus nósanna imeachta cuntasaíochta arna leagan síos ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Is é atá sna cuntais ná taifead airgeadbhunaithe de na fáltais agus na híocaíochtaí sa bhliain I gcomparáid leis na suimeanna arna soláthar faoin Acht Leithreasa. Taispeántar figiúirí na bliana roimhe sna cuntais chomh maith le go bhféadfaí comparáid a dhéanamh. Tá roinnt faisnéise a bhaineann le fabhruithe ar áireamh sna nótaí leis na cuntais.

Ba cheart do ranna ceadú a lorg ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe roimh ré le haghaidh aon chásanna ina n-imítear ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta, nó ina n-athraítear iad nó lena gcuirtear leo. Ba cheart faisnéis maidir leis an éagsúlacht ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta a áireamh i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

## Tréimhse tuairiscithe

Is í an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 an tréimhse thuairiscithe.

## Fáltais

Mar riail ghinearálta, íoctar an t-ioncam ar fad de chuid an Stáit isteach sa Státchiste.

Faoi réir ceadú sainráite a fháil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, féadfar fáltais áirithe Roinne a leithreasú i gcabhair caiteachais arna thabhú ar Vóta. Gan ceadú den sórt sin a fháil, ní foláir fáltais a ghéilleadh don Phríomh-Chiste go díreach mar fháltais 'bhreise' Státchiste.

Is é atá i leithreasaí-i-gcabhair ná fáltais a fhéadfar a úsáid, faoi alt 2 den *Public Accounts and Charges Act*, 1891, chun freastal ar chaiteachas a mhéid a údaraítear leis an Acht Leithreasa bliantúil. I gcoitinne, is fáltais iad sin a thagann chun cinn le linn gnáthghnó roinne faoin vóta agus féadann nithe cosúil leo seo a leanas a bheith ar áireamh leo:

- muirir ar sheirbhísí [3]
- ranníocaíochtaí pinsin
- cíos agus fáltais a eascraíonn de bharr díolacháin áirithe
- le comhaontú a fháil roimh ré ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, na fáltais de bharr díol sócmhainní chun cláir nó tionscadail chaipitil ardtosaíochta a mhaoiniú
- fíneálacha, forghéilleadh nó costais arna n-aisghabháil.

I gcoitinne, maidir le fáltais ranna atá le creidiúnú chuig an Státchiste go díreach mar fháltais 'bhreise', is fáltais iad sin nach bhfuil aon bhaint dhíreach acu le caiteachas an vóta nó atá ina bhfáltais 'amhantair'. Ní fhéadfar fáltais bhreise den sórt sin a úsáid chun freastal ar chaiteachas ón vóta. I gcás go dtagann siad chun cinn, tuairiscítear iad i nóta leis an gcuntas leithreasa. Áirítear leo nithe cosúil leo seo:

1 Socraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a fheidhmítear agus cuntais leithreasa á n-ullmhú. Sonraítear iad sin i gciorclán 1 agus 9 de 2022 ón Roinn.

2 Sa ráiteas seo, áirítear leis an téarma 'roinn' ranna, oifigí agus gníomhaireachtaí lárnacha Rialtais atá freagrach as bainistíocht agus cuntasaíocht an Vóta, mura luaitear a mhalairt.

3 Faigheann roinnt oifigí, ar nós Oifig na nOibreacha Poiblí agus Oifig an Ard-Aighne, speansais le linn dóibh a bhfeidhmeanna a fheidhmiú. Ba cheart glacadh leis na speansais sin mar leithreasaí-i-gcabhair freisin.

- fáltais de bhun ioncam barrachais nó brabús de chuid cuideachtaí Stáit
- ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil
- cúiteamh.

I gcás go dtagann fáltais bhreise Státchiste chun cinn, tuairiscítear iad i nóta a ghabhann leis an gcuntas leithreasa (Nóta 4). Ceanglaítear ar ranna miondealú ar fháltais den sórt sin a sholáthar chomh maith le míniú i gcás gur suimeanna ábhartha iad na suimeanna. Lena chois sin, ceanglaítear ar ranna idir na suimeanna a thaisctear chuig an Státchiste (tríd an gCuntas Taiscthe Suimeanna Airgid Éagsúla) agus na suimeanna is iníoctha (suimeanna nár aistríodh go fóill) a nochtadh, i gcás nach ionann na suimeanna.

Ceanglaítear ar Ranna miondealú ar fháltais bhreise Státchiste a chur i láthair ar bhonn iarmhéid tosaigh/deiridh freisin.

## Íocaíochtaí

Tá íocaíochtaí comhdhéanta de na suimeanna sin atá tagtha chun bheith iníoctha le linn na bliana. Meastar suimeanna a bheith tagtha chun bheith iníoctha i gcás gur tabhaíodh dliteanas, go bhfuil íocaíocht dlite agus go bhfuil an t-ordú don íocaíocht curtha i ngníomh.

I gcás gur tabhaíodh dliteanas agus go bhfuil íocaíocht dlite (i.e., tá an dliteanas aibithe), ba cheart íocaíocht a chur i gcrích roimh an deireadh bliana chun iomláine an chuntais leithreasa a chinntiú. I gcásanna nach bhfuil íocaíocht curtha i ngníomh agus go bhfuil dliteanais aibithe fós amuigh ag an deireadh bliana, ba cheart suim na ndliteanas sin a thabhairt i nóta leis an gcuntas (Nóta 2).

Eisceacht ón bprionsabal ginearálta sin is ea gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil roinn ag gníomhú mar ghníomhaire i gcomhair roinn eile Rialtais (an príomhaí) agus go dtagann idirbhearta airgeadais chun cinn idir an príomhaí agus an gníomhaire dá thoradh, is é an riail ghinearálta gur cheart don ghníomhaire na hidirbhearta a chur trí chuntas fionraí, agus an tseirbhís ina muirear deiridh i gcuntas leithreasa an phríomhaí.

I gcásanna ina n-éilíonn an gníomhaire ar an bpríomhaí réamh-mhaoiniú a sholáthar chun go mbeifear in ann íocaíocht a dhéanamh, níor cheart a mhuirearú ar chuntas leithreasa an phríomhaí ach suimeanna arna ndeimhniú ag an ngníomhaire mar chinn a d’eisíoc sé sa bhliain cuntais.

Mar phrionsabal ginearálta, is ar bhonn comhlán a dhéantar cuntasaíocht Rialtais, i.e., ní dhéantar fáltais a ghlanluacháil in aghaidh íocaíochtaí. Ba cheart do ranna, oifigí agus sealbhóirí vóta Rialtais ceadú a fháil roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe le haghaidh aon ghlanluachála atá beartaithe acu.

## Glanseirbhísí gaolmhara

Is é atá i seirbhísí gaolmhara ná seirbhísí a sholáthraítear go lárnach chuig vótaí roinne, nó a sholáthraítear thar a gceann, ar an mbonn gurb amhlaidh, mar speisialtóirí, atá an roinn soláthair (arb í a príomhfheidhm ná na seirbhísí lárnacha sin a sholáthar) in ann na seirbhísí a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla ná an sealbhóir vóta. Áirítear seirbhísí comhroinnte leo sin.

Tugtar mionsonraí sa nóta faoi ghlanseirbhísí gaolmhara (i Nóta 1) faoi shuim an chaiteachais i ndáil leis an roinn a tabhaíodh in áit eile. Tá bunúis éagsúla tomhais ann maidir le figiúirí an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara a ríomh.

## Fabhruithe

Áirítear le gach cuntas leithreasa faisnéis de chineál fabhruithe sna nótaí leis an gcuntas, lena n-áirítear

- ráiteas faoin gcostas oibriúcháin (Nóta 1), lena dtaispeántar suim iomlán na n-acmhainní a caitheadh ag vóta sa bhliain
- ráiteas faoin staid airgeadais lena dtaispeántar sócmhainní agus dliteanais an vóta ag an deireadh bliana (Nóta 2), agus
- nótaí míniúcháin lena soláthraítear mionsonraí maidir le sócmhainní caipitil, leis an nglanmhaoiniú atá dlite don Státchiste agus le haon cheangaltais.

Áirítear leis an ráiteas faoin staid airgeadais an staid ag an deireadh bliana i ndáil leis an méid seo a leanas.

- **Speansais fhabhraithe** — léirítear leo seo gach dliteanas ag an deireadh bliana, seachas dliteanais maidir le luach saothair agus le pinsin. I gcás earraí agus seirbhísí, aithnítear dliteanas fabhraithe nuair atá an riachtanas conarthach chun na hearraí nó seirbhísí ordaithe a sholáthar comhlíonta ag an íocaí. Is mar dhliteanas a dhéileáiltear le suimeanna atá dlite as earraí a seachadadh ach nár íocadh astu go fóill, fiú mura bhfuil cigireacht déanta orthu agus nach bhfuil siad tógtha isteach i bhfardal iad. I gcás deontas, aithnítear dliteanas nuair atá ceanglais uile na scéime deontais comhlíonta ag an deontaí ach nach mbeidh íocaíocht faighte aige go fóill. Aithnítear dliteanais taistil agus chothaithe nuair atá an taisteal críochnaithe.
- **Réamhíocaíochtaí** — is íocaíochtaí iad sin a rinneadh roimh dheireadh na bliana cuntais i gcás nach bhfaighfear na hearraí nó na seirbhísí lena mbaineann go dtí tréimhse ina dhiaidh sin.
- **Ioncam fabhraithe** — is ioncam é sin atá dlite don vóta ag deireadh na bliana cuntais agus nach bhfuil faighte go fóill.
- **Ioncam iarchurtha** — is ionann é sin agus ioncam a fhaigheann an vóta le linn na bliana cuntais as earraí/seirbhísí atá fós le soláthar aige.

## Sócmhainní caipitil

Déantar luachanna tosaigh agus deiridh sócmhainní caipitil ar chlár sócmhainní roinne chomh maith le mionsonraí faoi dhímheas a thaispeáint trí nóta a ghabhann leis an ráiteas faoin staid airgeadais (Nóta 2).

Ba cheart sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a áireamh laistigh de shócmhainní caipitil sa ráiteas faoin staid airgeadais, lena dtaispeántar caiteachas ar shócmhainní atá á bhforbairt laistigh den roinn e.g., tionscadail forbartha bogearraí nó tionscadail foirgníochta.

Ní áirítear an méid seo a leanas sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil

- sócmhainní nach bhfuil ar fáil le húsáid fós
- sócmhainní aonair a ceannaíodh ón 1 Eanáir 2021 i leith (nó ón 1 Eanáir 2020 i leith i gcás gur cuireadh an tairseach i bhfeidhm tráth níos luaithe) i gcás gur lú an costas ná €10,000 agus/nó
- sócmhainní oidhreachta, nach féidir a luach a chur in iúl go leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais. (Áirítear sócmhainní oidhreachta is féidir a luacháil sa ráiteas.)

1 Chuir roinnt ranna agus oifigí rialtais an tairseach nua chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2020 i leith. Ceannaíodh roimh an 1 Eanáir 2021 aon sócmhainní stairiúla nach ndearnadh coigeartú ina leith.

Tabhair faoi deara go bhféadfaí sócmhainní aonair ar lú a gcostas ceannaigh ná €10,000 agus a fuarthas roimh an 1 Eanáir 2021 a chur ar áireamh sa chlár sócmhainní seasta agus sna hiarmhéideanna costais stairiúil arna dtabhairt ar aghaidh.[1] I gcás go roghnaíonn roinn nó eagraíocht rialtais na hiarmhéideanna costais stairiúil arna dtabhairt ar aghaidh a choigeartú chun míreanna a fuarthas faoi bhun na tairsí a chur as áireamh, ní mór an coigeartú sin a dhéanamh i leith gach sócmhainne sa chlár a fuarthas faoi bhun na tairsí €10,000.

## *Luacháil ar shócmhainní*

*Talamh agus foirgnimh*

Áirítear na tailte agus na foirgnimh ar fad atá faoi úinéireacht an Stáit agus faoi rialú nó faoi bhainistiú roinne sa ráiteas faoin staid airgeadais (agus sa nóta sócmhainní caipitil). I gcás inarb ábhartha, mínítear an bonn luachála talún agus foirgneamh i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

I gcás go bhfuil úinéireacht talún agus foirgneamh (a) dílsithe d’Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) dílsithe d’Aire ach go bhfuil an talamh agus na foirgnimh sin faoi rialú/faoi bhainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí dáiríre, áirítear iad sa chuntas d’Oifig na nOibreacha Poiblí.

I gcás go bhfuil tailte nó foirgnimh dílsithe d’Aire ach go bhfuil siad faoi rialú/faoi bhainistiú ag comhlacht seachtrach dáiríre, ní áirítear mar shócmhainní de chuid vóta na roinne iad, ach nótáiltear úinéireacht na sócmhainne i gcuntas na roinne. Seachas sa chás sin, áirítear tailte agus foirgnimh atá dílsithe d’Aire sa chuntas don vóta lena mbaineann.

Ba cheart do ranna/oifigí rialtais nach féidir leo luachálacha ar thailte agus ar fhoirgnimh atá faoi úinéireacht an Stáit agus atá faoi rialú nó faoi bhainistiú acu a sholáthar ar chúiseanna teicniúla sceideal de na sócmhainní sin a iarcheangal leis an gcuntas leithreasa.

*Trealamh, troscán agus feistis*

Luacháiltear trealamh, troscán agus feistis de réir a gcostais.

*Sócmhainní eile*

I gcás gur gá, leagtar polasaithe cuntasaíochta i leith sócmhainní eile a luacháil (e.g., feithiclí sainfheidhmeacha) amach i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

## *Polasaí maidir le dímheas*

Déantar dímheas a ríomh agus a mhuirearú ar bhonn míosúil ó mhí na fála/an choimisiúnaithe go dtí mí na diúscartha[1].

Titeann sócmhainní roinne faoi chuimsiú catagóirí difriúla chun críocha dímheasa. Déantar dímheas ar bhonn líne dírí. Leagtar amach sa tábla seo a leanas na príomhchatagóirí is infheidhme.

1 Féadfaidh ranna/oifigí leanúint de dhímheas a mhuirearú ar bhonn bliantúil mar shocrú eatramhach i gcás nach bhfuil córais chuí i bhfeidhm chun dímheas a ríomh ar bhonn míosúil. Ní mór an modh dímheasa arna úsáid a shonrú i ngach cuntas leithreasa.

Ón 1 Eanáir 2024 i leith, ba cheart do gach roinn/oifig dímheas a ríomh agus a mhuirearú ar bhonn míosúil ó mhí na fála/an choimisiúnaithe go dtí mí na diúscartha.

| | Ráta dímheasa |
|---|---|
| **Catagóir A – Míreanna a dhímheastar chuig luach nialais i gcaitheamh 10 mbliana** | |
| Troscán agus feistis | 10% |
| Gléasra agus innealra | 10% |
| Mórchórais bogearraí oibriúcháin TF | 10% |
| **Catagóir B – Míreanna a dhímheastar chuig luach nialais i gcaitheamh 5 bliana** | |
| Trealamh TF, crua-earraí agus bogearraí | 20% |
| Trealamh oifige | 20% |
| Saintrealamh eile | 20% |
| Mótarfheithiclí | 20% |
| **Catagóir C – Míreanna eile** | |
| Talamh | 0% |
| Foirgnimh | 0% go 5% |
| Sócmhainní míleata | 3% go 20% |

Tá sé de rogha ag Oifigigh Chuntasaíochta imeacht, i gcásanna áirithe, ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta atá leagtha amach thíos.

## Banc agus airgead tirim

Ba cheart gach iarmhéid i ngach cuntas bainc tráchtála (párolla agus cuntais eile a bhaineann leis an vóta) atá á gcoinneáil ag an deireadh bliana agus a maoiníonn an Státchiste iad trí chaiteachas vótáilte nó cuntais dá leithéid ina bhfuil fáltais atá dlite lena n-íoc leis an Státchiste a áireamh le ‘Banc agus airgead tirim’. Ba cheart cuntais bhainc an Phámháistir Ghinearálta (*PMG*) a shonrú ar leithligh ó chuntais bhainc tráchtála eile sa nóta.

Nochtar mionsonraí faoi aon chuntais bhainc tráchtála eile nach maoiníonn an Státchiste iad nó nach bhfuil dlite lena n-íoc leis an Státchiste trí nóta leis an gcuntas. Áirítear leo sin iarmhéideanna neamhvóta nach dtaifeadtar iad/nach dtugtar cuntas orthu i dtacar eile cuntas a ndéantar iniúchadh air.

## Fardail

Sealbhaítear fardail lena ndáileadh nó lena n-úsáid le linn earraí agus seirbhísí a sholáthar. Luaitear fardail ag an gcostas nó ag luachálacha na roinne, cibé acu is ísle. Cuirtear ábhair inchaite leis na costais de ghnáth, seachas i gcás go bhfuil luach suntasach aonair ag míreanna nó i gcás go bhfuil siad faoi réir breithniúcháin áirithe slándála.

## Glanmhaoiniú ón Státchiste

Léirítear sa nóta maidir le glanmhaoiniú ón Státchiste staid maoinithe an vóta ag an deireadh bliana, agus aird á tabhairt ar an mbarrachas agus an leithdháileadh ón Státchiste ar bhonn carnach/rollach. Taispeántar miondealú ar an bhfigiúr sin ó thaobh iarmhéideanna bainc/airgid thirim, fáltas féichiúnaithe atá dlite agus dliteanas reatha freisin.

## Ceangaltais

Is éard is ceangaltas ann ná oibleagáid chonarthach chun íoc as seachadadh earraí nó seirbhísí (lena n-áirítear tionscadail chaipitil) atá fós le soláthar ag an deireadh bliana. I gcás scéimeanna deontas, aithnítear ceangaltas nuair atá an deontas ceadaithe ach go bhfuil ceanglais na scéime fós le comhlíonadh ag an deontaí.

Maidir le ceangaltais chonarthacha os cionn €10,000 is dócha a thiocfaidh chun cinn i mblianta ina dhiaidh sin, nochtar iad trí nóta leis an gcuntas, faoi na ceannteidil seo: soláthar earraí agus seirbhísí, cláir deontas neamhchaipitil, cláir deontas caipitil, tionscadail chaipitil agus comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí.

Nochtar ar leithligh mionsonraí faoi gach mórthionscadal caipitil agus faoi gach mórthionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí i gcás gur mó ná €10,000,000 luach an tionscadail.

I gcás gur bhain athrú de bhreis ar €500,000 i gcomparáid leis an mbliain roimhe le leibhéal an cheangaltais thuairiscithe nó le costas réamh-mheasta an tionscadail, ba cheart an chúis leis an ngluaiseacht sin a mhíniú.

## Dliteanais theagmhasacha

Tagann dliteanas teagmhasach chun cinn in aon chás ina gcruthaítear riosca le gníomhartha roimhe nó reatha nó le himeachtaí roimhe nó reatha go n-iarrfar cistí Státchiste amach anseo. Nochtar dliteanais theagmhasacha trí nóta, ach amháin sa chás gur fíorbheag atá an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní i gceist.

Féadann dliteanais teacht chun cinn de bharr cásanna leanúnacha dlí a bhféadfadh dliteanas teagmhasach teacht chun cinn dá dtoradh. Ach amháin i gcásanna lena mbaineann dlíthíocht fhéideartha nó i gcás go ndéanfadh nochtadh dochar do staid an Státchiste agus/nó d’idirbheartaíocht amach anseo le tríú páirtithe, ba cheart dliteanais theagmhasacha a bhaineann le cásanna cúirte a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Níor cheart dul isteach i socruithe eile lena mbaineann an fhéidearthacht go dtiocfadh dliteanais theagmhasacha chun cinn dá dtoradh ach amháin i gcás gur gá agus, ansin, tar éis meastóireacht agus measúnacht a bheith déanta ar na himpleachtaí caiteachais féideartha i bhfianaise na gcásanna éagsúla a d’fhéadfadh teacht chun cinn de bhun an dliteanais theagmhasaigh, agus sa chás sin amháin. Ba cheart na sochair fhéideartha a chur i gcomparáid leis an gcostas is dóichí a bheidh i gceist agus i gcomparáid le raon na gcostas féideartha i gcónaí lena chinntiú go measúnófar an dliteanas teagmhasach i gceart.

Níor cheart glacadh le dliteanas teagmhasach in imthosca ar bith i gcás nach mbeidh an riosca a nglacfar leis measúnaithe agus mínithe ar an mbealach is soiléire is féidir. I gcás go n-aontaíonn Aire le glacadh le dliteanas teagmhasach, tá sé bunriachtanach go ndéanfar an próiseas cinnteoireachta a dhoiciméadú i gceart, lena leagfar amach: (i) an réasúnaíocht le glacadh leis an dliteanas agus (ii) an sochar féideartha agus (iii) na costais fhéideartha. Ba cheart ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe a lorg chun aon dliteanais theagmhasacha a chruthú a bhféadfadh caiteachas suntasach Státchiste teacht chun cinn dá dtoradh.

Is gá breithiúnas a úsáid le linn a dhéanamh amach cibé acu, agus cén uair go díreach, a thagann dliteanas chun cinn de thoradh oibleagáidí atá ina gceangal dlí agus/nó oibleagáidí nach bhfuil ina gceangal dlí. Tá faisnéis ábhartha más rud é go bhféadfaí tionchar a imirt ar chomhlíonadh cuntasachta na Roinne don tréimhse tuairiscithe airgeadais sin dá bhfágfaí ar lár í nó dá ndéanfaí míráiteas fúithi.

Braitheann ábharthacht ar chineál agus suim na míre a dtugtar breith uirthi san imthoisc ar leith a bhaineann leis an Roinn agus déantar idir shaintréithe cáilíochtúla agus shaintréithe cainníochtúla a mheas mar chuid de.

Déanfar measúnachtaí maidir le hábharthacht i gcomhthéacs na timpeallachta reachtaíochta, institiúide agus oibriúcháin a bhfeidhmíonn an Roinn faoina cuimsiú agus, i leith faisnéis ionchasach airgeadais agus neamhairgeadais, eolas an ullmhaitheora agus ionchais faoin todhchaí.

### Aoisliúntas

Foráiltear d'íocaíochtaí aoisliúntais le státseirbhísigh ar scor i Vóta 12 – Aoisliúntas agus Liúntais Scoir. Soláthraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe meastachán faoin tsuim is inchurtha i leith gach vóta agus taispeántar é faoin nóta faoi ghlanseirbhísí gaolmhara i gcomhair na nótaí ábhartha.

Comhlíontar íocaíochtaí aoisliúntais le gardaí, le múinteoirí, le pearsanra ón arm agus le pearsanra ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ó na vótaí lena mbaineann.

### Idirbhearta airgeadra coigríche

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí coigríche ina luachanna euro ag na rátaí malartaithe atá i réim ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais atá ainmnithe in airgeadraí coigríche ag rátaí malartaithe an deiridh bliana.

## Nótaí eile leis na cuntais

### *Prionsabail ghinearálta*

I gcoitinne, tá sé d'aidhm leis na nótaí eile leis na cuntais leithreasa aird Dháil Éireann agus Choiste na gCuntas Poiblí a tharraingt ar ábhair a bhfuil tionchar acu ar rialú parlaiminte, nó faisnéis níos iomláine a sholáthar faoi idirbhearta ábhartha lena mbaineann nádúr neamhghnách agus a thaifeadtar sa chuntas e.g., caillteanais, íocaíochtaí speisialta nó *ex gratia* (íocaíocht nach bhfuil dlite de réir dlí faoi chonradh nó ar shlí eile – e.g., cúiteamh a íoctar ar bhonn cruatain) agus luach saothair breise.

Ach amháin sna cásanna atá leagtha amach thíos, soláthraítear nótaí i gcás go mbaineann suim €50,000 nó níos mó le hidirbheart aonair nó le catagóir idirbheart agus iad á dtógáil le chéile.

I gcás go bhfuil suimeanna níos lú ná na luachanna tairsí i gceist, soláthraítear nótaí freisin i gcás go dtagann saincheist thromchúiseach phrionsabail chun cinn nó i gcás go measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe gur cheart nóta a sholáthar.

*Difríochtaí ón soláthar meastacháin*

Soláthraítear le Nóta 3 míniúcháin ar dhifríochtaí maidir leis an toradh i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh.

Soláthraítear nóta i gcás go bhfuil difríocht (±) ann i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh (lena n-áirítear aon mhaoiniú caipitil iarchurtha):

- ar €100,000 nó níos mó í agus
- arb ionann í agus 5% nó níos mó den fho-mhírcheann (25% i gcás na bhfo-mhírcheann riaracháin), nó
- arb ionann í agus difríocht shuntasach ón soláthar meastacháin bunaidh agus nach gcomhlíonann sí na critéir thuas ach a bhfuil údar le míniú a thabhairt ina leith.

Áirítear nótaí maidir le difríochtaí i leithreasaí-i-gcabhair ar bhonn comhchosúil.

*Íocaíochtaí liúntais agus ragoibre*

I gcás íocaíochtaí liúntais agus ragoibre, áirítear leis na mionsonraí i Nóta 5 líon iomlán na bhfaighteoirí a fuair íocaíochtaí liúntais agus ragoibre i níos mó ná catagóir amháin, líon na ndaoine a fuair €10,000 nó níos mó, agus an íocaíocht is airde a rinneadh le duine aonair, más os cionn €10,000 í.

Leagtar amach san 'íocaíocht aonair is airde' an tsuim chomhlán a íocadh le duine aonair faoi na ceannteidil éagsúla.

*Scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta*

Tá sé riachtanach scaoilíocaíochtaí agus íocaíochtaí iomarcaíochta (os cionn €10,000) a nochtadh trí nóta.

*Chostais chúitimh agus dlí*

Ba cheart na comhchodanna de na costais dlí agus na dámhachtainí cúitimh arna ndéanamh dóibh sin a thionscain caingne in aghaidh na roinne/na hoifige a nochtadh. Ní áirítear leis sin costas na comhairle dlí a soláthraíodh lasmuigh d'imeachtaí dlí e.g., i gcomhthéacs polasaí nó reachtaíocht a fhorbairt. Má dhéantar ionadaíocht don Roinn in imeachtaí dlí, áirítear na costais a tabhaíodh i ndáil leis na cásanna sin i dtáblaí A agus B. Tá an nóta miondealaithe ina dhá chuid leithleacha.

a) mionsonraí faoi chostais dlí a d'íoc an vóta/an roinn amach go díreach nó chun an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát a aisíoc

b) mionsonraí faoi chostais iomlána charnacha na gcásanna dlí a tugadh chun críche sa bhliain cuntais.

Costais dlí arna n-íoc ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i leith cásanna ina bhfuil Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag déanamh ionadaíocht don Roinn, tuairiscítear iad i gcuntas leithreasa Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

*Íocaíochtaí déanacha*

I gcás íocaíochtaí úis agus cúitimh faoi na Rialacháin maidir le hÍoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012, soláthraítear faisnéis i Nóta 6 i gcás

- gur €10,000 nó níos mó iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh a bhí dlite, nó
- gur €10,000 nó níos mó íocaíocht aonair.

*Calaois nó calaois amhrasta*

I gcás na gcaillteanas de bharr calaoise, calaoise amhrasta nó mírialtachtaí amhrasta, soláthraítear faisnéis i Nóta 6 i gcás

- gur €10,000 nó níos mó iomlán na gcaillteanas le linn na tréimhse cuntasaíochta, nó
- gur €10,000 nó níos mó caillteanas aonair, nó
- go dtagann saincheist thromchúiseach prionsabail chun cinn i ndáil le caillteanais faoi bhun €10,000, nó
- go measann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe gur cheart nochtadh a dhéanamh.

*Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta*

I gcás gurb ábhartha, ba cheart ráiteas caiteachais faoi gach coimisiún nó fiosrúchán speisialta arna maoiniú ón vóta a áireamh i Nóta 6. Déantar idirdhealú idir coimisiúin bhuana nó coistí buana agus iad siúd a bhunaítear ar bhonn sealadach chun críche seasta. I gcás coimisiúin bhuana, taispeántar caiteachas sa bhliain cuntais agus sa bhliain roimhe. I gcás coimisiúin shealadacha nó fiosrúcháin speisialta, taispeántar an dáta bunaithe agus an caiteachas carnach ó dháta a bhunaithe i leith.

*Cistí deontais agus cuntais ilghnéitheacha*

I gcás gurb ábhartha, cuirtear cuntais cistí deontais arna maoiniú ón vóta agus cuntais ilghnéitheacha eile i láthair i Nóta 6.